Conas *Attend Anywhere* a úsáid

Treoir d'othair

1. Seiceáil go bhfuil do ghléas oiriúnach

Ní féidir teacht ar A*ttend Anywhere* ach trí;
Google Chrome - Android, Ríomhairí Glúine, Táibléad (íoslódáil Chrome mura bhfuil sé ar fáil ar do ghléas)
Safari - Apple iPad nó iPhone
Seiceáil an gléas le haghaidh comhoiriúnach – cinntigh go bhfuil do ghléas nuashonraithe ar a laghad do:
Google Chrome Windows 7+, Android 5.1+, MacOS 10.11+
Apple Safari MacOS 10.12+, iOS 11.4+, iPadOS 13+

2. Iontráil nasc ghréasáin *Virtual Waiting Area*

Gheobhaidh tú eolas faoin nasc *Virtual Waiting Area* i do i d'fhógra coinne (litir / ríomhphoist / SMS). Beidh sé san fhormáid attenduk.vc/XXXX. Beidh seo ag teastáil uait chun freastal ar an clinic fíorúil. Clóscríobh sonraí naisc an láithreáin ghréasáin sa bharra seoltaí ag barr an leathanaigh i Chrome nó Safari

3. Sábháil mar Favourites le húsáid sa todhchaí

Is féidir leat suíomh Gréasáin a shábháil mar is fearr leat agus ciallóidh sé seo nach gá duit an seoladh a iontráil gach uair a logálann tú isteach.

a. Gléasanna Android – Google Chrome

Is féidir leat an leathanach seo a **leabharmharcáil** ar Android



- Cliceáil ar an réalt go dtí go mbeidh sí gorm. (1) nó
- Cliceáil ar thrí phonc bheag agus cliceáil ar leabharmharc. (2)
- Stórálfar an nasc i Google Chrome ar bharra leabharmharc ar bharr an scáileáin díreach faoi bhun an bharra seoltaí agus is féidir leat cliceáil ar seo gach uair a bhíonn coinne agat (3)

b. Gléasanna Apple - Safari



Ar gléas *Apple* is féidir leat leabharmharc trí chliceáil ar **Bookmark or Add to Home Screen** (1)

Má chuireann tú leis an Scáileán Baile beidh icon le feiceáil ar féidir leat cliceáil air gach uair a bhíonn coinne agat

4. Tástáil do Threalamh

Roimh do choinne, déan tástáil ar do threalamh le do thoil.

Ag úsáid an nasc suíomh a tugadh duit ar d'fhógra coinne (litir / ríomhphoist / SMS) tabharfar chuig an scáileán seo tú .

B'fhéidir go mbeidh ort do cheamara agus do mhicreafón a ghníomhachtú ar do ghléas chun obair le do bhrabhsálaí.

Glao Tástála - Déanfaidh an córas 4 thástáil le fáil amach an bhfuil sé comhoiriúnach le *Attend Anywhere* (féach thíos) Glao tástála a reáchtáil 2-4 lá ar a laghad roimh lá na clinic agus ar maidin an ghlao físe.



1. **Cliceáil 'Start Video Call' chun an clinic fíorúil a thosú.**
   Start Video Call: Rachaidh an córas trí na 4 thástáil chéanna arís agus ansin iontrálann tú do chuid sonraí (féach thíos) agus cuirfidh tú tús le do ghlao físe.

2. **<u>Treoracha scáileáin</u>**
   Lean na treoracha scáileáin le haghaidh sraith seiceálacha: luas ceangail, tástáil caillaire, tástáil micreafón, tástáil físe. Cliceáil **Continue** nó **Yes** má oibríonn gach ceann díobh:

Nóta: seans nach mbeidh an micreafón ag obair le linn ama tástála má tá táibléid in úsáid. Cliceáil **Yes** ar aon nós chun dul ar aghaidh

3. **Iontráil Sonraí**



Cuir isteach Céadainm an othair, Sloinne, Dáta Breithe agus Uimhir Fóin sna boscaí a thaispeántar.

Iontráil d'uimhir fón póca mar seo 0871234567

Ní stórálfar aon fhaisnéis phearsanta tar éis duit do chlinic fíorúil a chríochnú.
Is é an chúis atá leis an bhfaisnéis seo a thabhairt ná I gcás beirt den ainm céanna bheith sa limistéar feithimh is féidir idirdhealú a dhéanamh eatarthu trí dáta breithe

Tá an uimhir theileafóin ann chun cabhrú le soláthraithí cúram sláinte teagmháil a dhéanamh leat má tá fadhb leis an nasc

Déan cinnte go gcuireann tú tic sa rogha Téarmaí Úsáide agus cliceáil ar *Continue*

4. **Brú *Start Call*.**



5. Osclófar **<u>scáileán comhairliúcháin</u>** físe ansin



Sa limistéar feithimh seinnfear ceol cúlra go dtí go dtabharfaidh do sholáthraí cúraim sláinte cuireadh duit isteach sa chlinic fíorúil.

6. **<u>Fabhtcheartú</u>**

Má tá aon fhadhbanna agat, cliceáil an cnaipe Refresh sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ar barr an scáileáin glaonna físe

7. **<u>Socruithe, Refresh, End - Cnaipí ar dheis</u>**

Socruithe: Mura féidir leatr an soláthraí cúram sláinte a chloisint is féidir leat socruithe do chaillaire agus do mhicreafón a sheiceáil trí chliceáil ar an gcnaipe seo

Refresh: más mian leat an nasc a athnuachan is féidir leat cliceáil ar an gcnaipe seo - rachaidh an scáileán bán ar feadh 4 shoicind agus atosóidh sé. Tá sé tábhachtach go gcuirtear in iúl don duine go bhfuil tú chun é seo a dhéanamh mar b'fhéidir go gceapfadh siad gur chuir tú deireadh leis an nglao go tobann. B'fhéidir go mbeidh ort athnuachan a dhéanamh má reonn an scáileán.

End: Nuair a bheidh an clinic fíorúil críochnaithe cuireann tú deireadh leis an nglao trí chliceáil ar **End** agus ansin cliceáil ar **Leave Call.**

Nóta: Má dhícheanglaíonn an glao sula mbeidh an comhairliúchán críochnaithe, beidh ort glaoch isteach arís tríd an phróisis thuas.

8. **An bhfuil sé sábháilte?**
   Tá glaonna físe sabhailte; tá do phríobháideacht cosanta. Tá do sheomra físe príobháideach féin agat nach féidir ach le soláthraithe cúram sláinte údaraithe a úsáid.

8. **Cé mhéid sonraí idirlín a úsáidfidh mé?**
   Ní úsáideann tú aon sonraí agus tú ag fanacht le soláthraí cúraim sláinte a bheith leat. Úsáideann glao físe **Attend Anywhere** an méid céanna sonraí le Skype® nó FaceTime®.

9. **Cé mhéid a chosnaíonn glao físe?**
   Tá an glao físe saor in aisce (seachas d'úsáid idirlín)
   Úsáideoirí fón cliste agus táibléid Más féidir leat, ceangail le líonra Wi-Fi baile nó oibre chun do liúntas sonraí soghluaiste a shábháil.

5. Lá do Choinne

Smaoinigh ar na nithe seo ar an lá:

- Ba cheart duit logáil isteach agus do ghlao físe a thosú thart ar 10 nóiméad roimh am do choinne.
- Úsáid limistéar dea-soilsithe le go leor spáis ach seachain an gléas a dhíriú ar sholas díreach nó solas an-gheal.
- Smaoinigh ar do thimpeallacht; Bí aireach ar dhaoine eile agus ar do thimpeallacht.
- Bí aireach gur féidir leis na rannpháirtithe eile tú a fheiceáil. Glac páirt amhail is gur comhairliúchán duine le duine a bheith ann.
- Seachain suí os comhair fuinneoige nó balla trédhearcach. Is féidir le daoine nó le heilimintí eile atá taobh thiar díot tarraingt ar rannpháirtithe.
- **Ná bíodh** aon earraí le sonraí pearsanta le feiceáil / ag leibhéal na súl
- Truaillíu torainn; múc teilifís nó raidió srl
- Rioscaí um chor choise; bain mataí nó rugaí srl má tá ort aon chleachtadh a dhéanamh don soláthraí cúraim sláinte
- Bíodh duine éigin agat chun tacú leat má theastaíonn sé uait.

Nuair a logálann tú isteach, feiceann do sholáthraí cúraim sláinte tú sa scuaine agus téann siad i dteagmháil leat i do chlinic fíorúil nuair a bhíonn siad réidh. Má chuirtear moill orthu d 'féadfaidh siad teachtaireacht téacs a sheoladh chugat ar an scáileán.

Má theipeann ar an nglao físe

Tá do chuid faisnéise teagmhála ar fáil ag an soláthraí cúraim sláinte. Má théann rud éigin mícheart le linn an ghlao físe déanfaidh an soláthraí cúraim sláinte teagmháil leat ar an bhfón agus leanfaidh siad leis an gcomhairliúchán ar an bhfón